Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10599/21**

**ECOFIN 704**
**UEM 197**
**SOC 435**
**EMPL 314**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10339/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2021 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2021 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3808ú cruinniú a bhí aici an 13 Iúil 2021.

# Conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2021 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha

Déanann an Chomhairle (ECOFIN) an méid seo a leanas:

1. MEABHRAÍTEAR DI, in 2020, go raibh mórshleabhcadh eacnamaíoch agus iarmhairtí socheacnamaíocha géara gan fasach phaindéim COVID-19 ag cur isteach go mór ar an Aontas. Ó Earrach 2021 i leith, tá an ghníomhaíocht eacnamaíoch ag teacht chuici féin, tá na bearta imshrianta á laghdú de réir a chéile agus tá dul chun cinn á dhéanamh leis an vacsaíniú, cé go bhfuil a lán éiginnteachta fós ann.

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé leanúint den dlúthchomhordú ar an mbeartas eacnamaíoch san Aontas, lena n-áirítear míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chuireann bac ar dhea-fheidhmiú gheilleagair na mBallstát, an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta nó gheilleagar an Aontais Eorpaigh ina iomláine a bhrath, a chosc agus a cheartú. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh grinn-athbhreithnithe 2021 i gcomhthéacs an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

3. TAGANN SÍ leis an measúnú ón gCoimisiún nach bhfuil athrú bunúsach tagtha ar mhíchothromaíochtaí na mBallstát mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, cé gur cuireadh ar gcúl an laghdú a chonacthas roimhe sin ar na míchothromaíochtaí siocair na géarchéime agus go bhféadfadh níos mó rioscaí a bheith ann don chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. Mar fhreagairt ar an ngéarchéim, chuir an ghníomhaíocht beartais le bliain anuas leis an bhféichiúnas, ach ba cheart don ghníomhaíocht sin tacú le coigeartú sa mheántéarma. Tháinig ardú mór ar an bhfiachas poiblí mar gheall ar na bearta tacaíochta poiblí a bhfuil gá leo chun tionchar an tsuaite a mhaolú, agus chuir sin leis na cóimheasa fiachais i roinnt Ballstát a bhí ard cheana féin roimh ghéarchéim COVID-19. Méadaíodh fiachas príobháideach (na gcuideachtaí den chuid is mó) chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh san ioncam a d'eascair as na tréimhsí dianghlasála; d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar na hiasachtaí neamhthuillmheacha mar thoradh ar dheacrachtaí maidir le haisíoc a dhéanamh, nuair a thiocfaidh deireadh de réir a chéile leis na bearta tacaíochta. Go ginearálta, tá na heasnaimh sa chuntais reatha cobhsaí, cé is moite de na Ballstáit is mó a chuir an titim sa turasóireacht eachtrach isteach orthu; tá barrachais mhóra sa chuntas reatha fós i gcuid de na Ballstáit, agus d'fhéadfadh sin a bheith ábhartha ó thaobh cúrsaí trasteorann de. Tá praghsanna tithe fós ard i roinnt Ballstát agus baol níos mó ann go ndéanfar ró-luacháil orthu. Ag an am céanna, trí mhodhnóireacht a dhéanamh ar fhás pá, laghdaíodh na brúnna a bhain le hiomaíochas costas le linn ghéarchéim COVID-19.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé fós deacair measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí iomlána na géarchéime, lena n-áirítear na héifeachtaí struchtúracha a bhaineann léi. AITHNÍONN SÍ go ndearna géarchéim COVID-19 difear mór do réimse leathan earnálacha, do shlabhraí luacha domhanda agus do chuid mhór réigiún san Aontas. ADMHAÍONN SÍ na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear na héifeachtaí réigiúnacha féideartha a bhaineann leo sin, lena bhféadfar difear a dhéanamh do mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. IARRANN SÍ go ndéanfar dlúthfhaireachán ar mhíchothromaíochtaí atá ann agus ar mhíchothromaíochtaí nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus go ndéanfar idirdhealú ar thosca timthriallacha agus struchtúracha.

5. AONTAÍONN SÍ leis an dearbhú ón gCoimisiún go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha de chineál agus de dhéine éagsúil sna 12 Bhallstát a ndearnadh anailís orthu sna grinn-athbhreithnithe (an Ghearmáin, an Fhrainc, Éire, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSualainn) faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. AONTAÍONN SÍ go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha i dtrí cinn de na Ballstát (an Ghréig, an Iodáil agus an Chipir).

6. MEASANN SÍ gurb ionann na grinn-athbhreithnithe agus anailís chuimsitheach ardchaighdeáin ar staid na tíre i gcás gach Ballstáit a mbíonn athbhreithniú á dhéanamh air. ADMHAÍONN SÍ gur baineadh úsáid as uirlisí ábhartha anailíseacha, agus anailís shubstainteach cháilíochtúil de chomhlánú orthu, i bhfianaise na ndúshlán sonrach a ghabhann le gach geilleagar. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le hanailís réamhbhreathnaitheach i gcomhthéacs na n-éiginnteachtaí móra atá ann faoi láthair. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil measúnú ar éifeachtaí iarmharta trastíre an-ábhartha i gcónaí.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tugadh an measúnú sna grinn-athbhreithnithe i gcrích sular cuireadh bailchríoch ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta. AONTAÍONN SÍ go dtugtar deis na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ann faoi láthair a laghdú tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme go mear, go críochnúil agus go héifeachtach, trí thacú le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin struchtúracha arna sainaithint sna moltaí tírshonracha i dtimthriallta 2019 agus 2020 den Seimeastar Eorpach. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfaí níos mó fáis a bheith ann, feabhas a chur ar athléimneacht eacnamaíoch agus tacú le téarnamh eacnamaíoch suntasach trí na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ina n-iomláine, go héifeachtach agus go tráthúil.

8. CUIREANN SÍ i dTREIS gur nós imeachta lárnach sa Seimeastar Eorpach é an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. IARRANN SÍ go leanfar den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chur chun feidhme, go háirithe trí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fhorbairtí, lena n-áirítear faoi chuimsiú faireachán sonrach, agus trí rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus rioscaí nua atá ag teacht chun cinn a scrúdú.

9. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart úsáid lánacmhainneachta a bhaint as an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, ar bhealach trédhearcach, leanúnach, chun go n-áiritheofar go mbeidh úinéireacht ag na Ballstáit ar an nós imeachta, lena n-áirítear gníomhachtú an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha i gcásanna inarb iomchuí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus cúrsaí mar atá faoi láthair, nár mheas an Coimisiún gurb iomchuí an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a sheoladh. ÁITÍONN SÍ gur cheart don Choimisiún, i gcás ina measann sé go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha i mBallstát agus nach molann sé don Chomhairle an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a chur chun gnímh, gur cheart don Choimisiún na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a mhíniú go soiléir agus go poiblí. MEABHRAÍTEAR DI go mbeidh an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha á phlé ag an gComhairle mar chuid den athbhreithniú a dhéanfar ar an rialachais eacnamaíoch.